ISSN 1725-2571

**Eagrán Speisialta ***
**16 Márta 2010**

# Iris Oifigiúil
# an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

*Leathanach*

V *Réamhfhógraí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)**

Fógra comórtais oscailte EPSO/AD/177/10 – Riarthóirí (AD 5) .................................................... 1

GA

**Praghas:**
**3 EUR**

* Faoin tagairt C 64 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

V

*(Réamhfhógraí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE EPSO/AD/177/10 – RIARTHÓIRÍ (AD 5)

(2010/C 64 A/01)

***An bhfuil suim agat i ngairm inár n-institiúidí?***
***An bhfuil na cáilíochtaí a éilímid agat?***
***Cuir d'ainm isteach***
***Tabhair gach seans duit féin do sprioc a bhaint amach***

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú trialacha iontrála chomh maith le comórtas oscailte ar bhonn trialacha chun painéal a chruthú óna n-earcófar riarthóirí.

## EPSO/AD/177/10 — RIARTHÓIRÍ (AD 5)

**sna réimsí seo a leanas:**

1. **RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**
2. **DLÍ**
3. **EACNAMAÍOCHT**
4. **INIÚCHÓIREACHT**
5. **TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)**

Is é is aidhm don chomórtas seo painéil a chruthú chun folúntais i bpoist in institiúidí an Aontais Eorpaigh a líonadh.

***Sula gcuirfidh tú iarratas isteach, ní mór duit an treoir atá foilsithe san Iris Oifigiúil C 57 A an 9 Márta 2010 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.***

***Cuideoidh an treoir seo leat, treoir ar cuid den fhógra comórtais í, na rialacha a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha clárúcháin a thuiscint.***

CLÁR NA nÁBHAR


I. **CÚLRA**

II. **DUALGAIS**

III. **INCHÁILITHEACHT**

IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

V. **COMÓRTAS OSCAILTE**

VI. **PAINÉIL**

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**


## I. CÚLRA

| | |
|---|---|
| **1. Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo de réir gráid** | **1.** = **105**<br>**2.** = **43**<br>**3.** = **39**<br>**4.** = **64**<br>**5.** = **72** |
| **2. Nótaí** | Ní féidir leat clárú ach d'aon réimse amháin as measc na gcúig réimse.<br>Caithfear an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a bhailíochtú agus a chur isteach ar líne. |

## II. DUALGAIS

Is é AD 5 an grád ag a dtosaíonn céimithe i ngairm riarthóra sna hinstitiúidí Eorpacha. Is féidir le riarthóirí arna n-earcú ag an ngrád sin trí phríomhchineál oibre a dhéanamh, faoi mhaoirsiú: foirmiú beartais, feidhmeanna oibríocha agus bainistiú acmhainní. Táimid ag lorg iarrthóirí a mbeidh in ann a ngairm a fhorbairt go háirithe.

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na réimsí éagsúla san iarscríbhinn.

*Tá sonraí maidir leis an bpróifíl ghinearálta atá na hinstitiúidí a lorg ar fáil in Alt 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.*

## III. INCHÁILITHEACHT

**Ar an dáta deiridh arna shocrú le haghaidh clárúcháin ar líne**, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

**1. Coinníollacha ginearálta**

— É bheith i do shaoránach de Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.
— Do chearta ar fad mar shaoránach a theachtadh.
— Aon oibleagáid atá ort maidir leis an dlí i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
— Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

**2. Coinníollacha sonracha**

| | |
|---|---|
| **2.1** | **Cáilíocht: féach an iarscríbhinn** |
| **2.2** | **Taithí ghairmiúil**<br>Ní éilítear aon taithí ghairmiúil. |

| | |
|---|---|
| **2.3.** | **Eolas ar theangacha** |
| | **Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:** |
| | BG (Bulgáiris)<br>CS (Seicis)<br>DA (Danmhargais)<br>DE (Gearmáinis)<br>EL (Gréigis)<br>EN (Béarla)<br>ES (Spáinnis)<br>ET (Eastóinis)<br>FI (Fionlainnis)<br>FR (Fraincis)<br>GA (Gaeilge)<br>HU (Ungáiris)<br>IT (Iodáilis)<br>LT (Liotuáinis)<br>LV (Laitvis)<br>MT (Máltais)<br>NL (Ollainnis)<br>PL (Polainnis)<br>PT (Portaingéilis)<br>RO (Rómáinis)<br>SK (Slóvaicis)<br>SL (Slóivéinis)<br>SV (Sualainnis) |
| (a) Teanga 1 | **Príomhtheanga:**<br>sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh |
| agus | |
| (b) Teanga 2 | **Dara teanga (ní foláir di a bheith éagsúil le teanga 1):**<br>eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis |

## IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

| | | |
|---|---|---|
| **1. Iarrfar ort triail a dhéanamh** | **<u>más rud é, le linn an chlárúcháin ar líne,</u>** gur dheimhnigh tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III. | |
| **2. Cineál agus marcáil na dtrialacha** | Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas: | |
| **Triail (a)** | réasúnaíocht bhriathartha | marcáil: 0 go 20 pointe<br>pasmharc: 10 bpointe |
| **Triail (b)** | réasúnaíocht uimhríochta | marcáil: 0 go 10 bpointe |
| **Triail (c)** | réasúnaíocht theibí | marcáil: 0 go 10 bpointe |
| | | pasmharc: 10 bpointe as triail (b) agus triail (c) le chéile |
| **3. Teanga na dtrialacha** | Teanga 2 (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis) | |
| **4. Triail breithiúnais shuíomhúil** | Sraith ceisteanna ilroghnacha féachaint d'inniúlacht a mheas maidir le breithiúnas suíomhúil. | Ní chuirfear measúnú na trialach seo ar aghaidh chuig an mbord roghnúcháin **ach** mar chuidiú saineolach agus teicniúil don phróiseas cinnteoireachta **i leith na n-iarrthóirí dá dtugtar cead isteach san ionad measúnaithe.** |
| **5. Teanga na trialach** | Teanga 2 (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis) | |

# V. **COMÓRTAS OSCAILTE**

| | |
|---|---|
| **1. Tabharfar cead isteach (*) duit san ionad measúnaithe** | má fhaigheann tú ([1]) ceann de na marcanna is fearr ([2]) mar aon le pasmharc sna trialacha iontrála **agus má chomhlíonann tú, i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú agus tú ag clárú ar líne**, coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.<br><br>**(*)** Deimhneofar **an cead isteach** ina dhiaidh sin faoi réir fhíorú na ndoiciméad tacaíochta atá ceangailte le do chomhad. Déanfar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta agus a bhfuil na marcanna is fearr faighte acu in imeachtaí an ionaid mheasúnaithe a mheas, in ord íslitheach, go dtí go sroichfear líon na n-iarrthóirí atáthar a lorg mar a fhógraítear san fhógra seo.<br>Ní mheasfar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a bheidh faoi bhun na tairsí sin. |
| **2. Ionad measúnaithe:** | Iarrfar ort páirt a ghlacadh in imeachtaí ionaid mheasúnaithe a reáchtálfar sa Bhruiséil de ghnáth, ar feadh lá amháin. Déanfar thú a mheasúnú maidir le d'inniúlachtaí sainiúla sa réimse atá roghnaithe agat agus maidir leis na hinniúlachtaí ginearálta a leanas:<br>— **Anailísiú agus réiteach fadhbanna**<br>— **Cumarsáid**<br>— **Cáilíocht agus torthaí**<br>— **Foghlaim agus forbairt**<br>— **Cinneadh tosaíochtaí agus eagrúchán**<br>— **Buanseasmhacht**<br>— **Oibriú i bhfoireann**<br>— **Cumas stiúrtha**<br>Tá sonraí maidir leis na hinniúlachtaí sin atá na hinstitiúidí a lorg ar fáil in Alt 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.<br>Scrúdófar na hinniúlachtaí sin sna bealaí seo a leanas:<br>(a) cás-staidéar sa réimse roghnaithe<br>(b) gníomhaíocht i ngrúpa<br>(c) cur i láthair ó bhéal<br>(d) agallamh struchtúrtha |
| **3. Teangacha ag an ionad measúnaithe** | Teanga 2: (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis)<br>Scrúdófar an t-eolas atá agat ar do phríomhtheanga freisin (teanga 1) le linn an cás-staidéir. |
| **4. Marcáil** | 0 go 20 pointe le haghaidh d'inniúlachtaí sainiúla sa réimse<br>Pasmharc: 10 bpointe<br>0 go 20 pointe le haghaidh gach ceann de na hinniúlachtaí ginearálta<br>Pasmharc:<br>— trí phointe le haghaidh gach inniúlacht **agus**<br>— 50 pointe as 80 le haghaidh na n-ocht inniúlacht ghinearálta ar fad |

([1]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighfidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, iarrfar orthu ar fad teacht chuig an ionad measúnaithe.
([2]) Tabharfar cead isteach san ionad measúnaithe do thart ar an trí oiread iarrthóirí i gcoibhneas le líon na n iarrthóirí atáthar a lorg mar a fhógraítear san fhógra seo agus poibleofar sin ar shuíomh EPSO (www.eu-careers.eu).

## VI. PAINÉAL

| | |
|---|---|
| **1. Ainmniúchán ar an bpainéal** | Más duine de na hiarrthóirí thú ([3]) a bhfuil na pasmharcanna marcanna is fearr faighte acu sna codanna ar fad d'imeachtaí an ionaid mheasúnaithe (féach líon na n-iarrthóirí a roghnófar; Roinn I.1) **agus má chomhlíonann tú, i bhfianaise na ndoiciméad tacaíochta,** na coinníollacha incháilitheachta ar fad, cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal. |
| **2. Aicmiú** | Déanfar an liosta a tharraingt suas de réir réimse, de réir grúpaí fiúntais (ceithre ghrúpa ar a mhéid) agus in ord aibítre laistigh de gach grúpa fiúntais. |

## VII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

| | |
|---|---|
| **1. Clárúchán ar líne** | Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO.<br>**Spriocdháta: 15 Aibreán 2010 ag 12 (meán lae),** am na Bruiséile |
| **2. An t-iarratas a sheoladh** | **Ag céim níos déanaí** agus ar choinníoll gur duine de na n-iarrthóirí thú dá dtugtar cead isteach san ionad measúnaithe, iarrfar ort iarratas iomlán a chur isteach (iarratas leictreonach sínithe agus doiciméid tacaíochta).<br>**Spriocdháta:** cuirfear an spriocdháta in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.<br>**Coinníollacha:** féach Alt 2.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte. |

([3]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear ainmneacha na n-iarrthóirí sin go léir ar an bpainéall

*IARSCRÍBHINN*

## 1. **RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**

### 1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta na riarthóirí i réimse an Riaracháin Phoiblí Eorpaigh tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chur chun feidhme.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a bhíonn i gceist; féadfaidh siad athrú ó institiúid go hinstitiúid:

— Cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme, a rialú agus obair iardain a dhéanamh orthu

— Acmhainní a bhainistiú, lena n-áirítear foireann, airgeadas agus trealamh

— Cúnamh a thabhairt do chinnteoirí trí bhíthin cuidiú scríofa nó ó bhéal

— Nótaí faisnéise a dhréachtadh i gcomhair anailíse beartais

— Cumarsáid sheachtrach mar aon le tuairisciú inmheánach agus cumarsáid inmheánach

— Comhordú agus comhairliúchán idirshéirbhíse agus idirinstitiúideach, mar aon le caidreamh le geallsealbhóirí seachtracha

### 2. **Cáilíochtaí**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma mar fhianaise de.

## 2. **DLÍ**

### 1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta na riarthóirí i réimse an dlí tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chur chun feidhme, comhairle dlíodóra agus comhairliúchán a thabhairt don lucht bainistíochta agus/nó d'aonaid oibriúcháin laistigh de na ranna atá acu chun a áirithiú go gcomhlíontar dlí an AE agus an dlí náisiúnta.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a bhíonn i gceist; féadfaidh siad athrú ó institiúid go hinstitiúid:

— Cúnamh a thabhairt do chinnteoirí trí bhíthin cuidiú scríofa nó ó bhéal

— Anailís, taighde, comhairle agus cúnamh dlíthiúil chomh maith le maoirseacht ar chúrsaí dlíthiúla

— Doiciméid dhlíthiúla a dhréachtadh

— Tuairisciú inmheánach agus cumarsáid inmheánach maidir le cúrsaí dlíthiúla

— Comhordú agus comhairliúchán le seirbhísí eile maidir le saincheisteanna dlí

— Acmhainní a bhainistiú, lena n-áirítear foireann, airgeadas agus trealamh

— Cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme, a rialú agus obair iardain a dhéanamh orthu

### 2. **Cáilíochtaí**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma sa dlí mar fhianaise de.

**nó**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma mar fhianaise de, agus cáilíocht lena gceadaítear duit feidhmiú mar dhlíodóir.

## 3. **EACNAMAÍOCHT**

### 1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta na riarthóirí i réimse na heacnamaíochta tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chur chun feidhme, an anailís eacnamaíoch agus staitistiúil a thabhairt atá riachtanach chun beartais an AE a thionscnamh, a fhorbairt, a bhainistiú agus/nó a mheasúnú.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a bhíonn i gceist; féadfaidh siad athrú ó institiúid go hinstitiúid:

— Cúnamh a thabhairt do chinnteoirí trí bhíthin cuidiú scríofa nó ó bhéal

— Anailísiú straitéiseach beartais chomh maith le modhanna anailísithe beartais a shainiú agus a reáchtáil, lena n-áirítear go háirithe modhanna eimpíreacha i réimse na heacnamaíochta

— Cumarsáid sheachtrach a bhaineann le beartas mar aon le tuairisciú agus cumarsáid inmheánach

— Caidreamh le hinstitiúidí eile an AE agus le ranna inmheánacha eile chomh maith le caidreamh le geallsealbhóirí seachtracha,

— Comhordú agus comhairliúchán le ranna maidir le beartas,

— Measúnú riosca agus iarmharta,

— Cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme, a rialú agus obair iardain a dhéanamh orthu,

— Acmhainní a bhainistiú, lena n-áirítear foireann, airgeadas agus trealamh.

2. **Cáilíochtaí**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma san eacnamaíocht mar fhianaise de.

**nó**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma mar fhianaise de agus cáilíocht iarchéime san eacnamaíocht.

## 4. INIÚCHÓIREACHT

1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta na riarthóirí i réimse na hiniúchóireachta tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chur chun feidhme.

Ag an ngrád seo, oibríonn siad i réimsí amhail iniúchóireacht airgeadais, feidhmíochta agus inmheánach. Soláthraíonn iniúchóirí seirbhísí comhairliúcháin agus ráthaíochta i réimsí oibriúcháin ar fad an Aontais Eorpaigh d'fhonn rialachas agus bainistiú a fheabhsú. D'fhéadfadh oibriúcháin sna 27 Ballstát a bheidh i gceist leis sin agus i dtríú tíortha freisin.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a bhíonn i gceist; féadfaidh siad athrú ó institiúid go hinstitiúid:

— Iniúchóireacht sheachtrach, iniúchtaí airgeadais agus scrúduithe ar bhainistiú airgeadais fónta lena n-áirítear cur chun feidhme agus tuairisciú,

— Cigireacht agus rialú seachtrach, córais rialaithe a fheabhsú,

— Iniúchóireacht inmheánach, tacaíocht, comhairle agus oiliúint mhodheolaíoch,

— Comhordú agus comhairliúchán idirsheirbhíse maidir le saincheisteanna iniúchóireachta,

— Faisnéise agus comhairle maidir le saincheisteanna iniúchóireachta.

2. **Cáilíochtaí**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma atá ábhartha do na dualgais mar fhianaise de, nó oiliúint ghairmiúil/cáilíocht ghairmiúil de leibhéal coibhéiseach atá ábhartha do na dualgais sin.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí a iarraidh ort cruthúnas oifigiúil a sholáthar i dtaobh na n-ábhar ar a ndearna tú staidéar d'fhonn go mbeidh sé níos éasca don bhord roghnúcháin a mheas an bhfuil do chuid cáilíochtaí ábhartha.

## 5. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta na riarthóirí i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chur chun feidhme. Go háirithe, déanann siad straitéis, beartais, nósanna imeachta, córais/bonneagair agus tionscadail TFC a shainiú, a chur chun feidhme, a bhainistiú agus obair iardain a dhéanamh orthu. Soláthraíonn siad saineolas do thacaíocht TF agus do bhainistiú conartha.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a bhíonn i gceist; féadfaidh siad athrú ó institiúid go hinstitiúid:

— Bainistiú tionscadal agus próiseas,

— Monatóireacht, anailísiú agus bainistiú a dhéanamh ar tháirgí agus próisis TFC, i ndlúthchomhar le páirtithe inmheánacha agus seachtracha,

— anailís agus comhairle theicniúil, lena n-áirítear cúnamh d'fhoireann tionscadail,

— Comhordú agus comhairliúchán idirsheirbhíse,

— Bainistiú conartha agus cur chun feidhme buiséid,

— Acmhainní a bhainistiú, lena n-áirítear foireann, airgeadas agus trealamh.

2. **Cáilíochtaí**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide mar fhianaise de.

**nó**

Ní mór leibhéal oideachais a bheith bainte amach agat arb ionann é agus cúrsa críochnaithe san ollscoil a mhair trí bliana ar a laghad agus a bhfuil dioplóma mar fhianaise de agus cáilíocht iarchéime sa Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.

## ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A 'COMÓRTAS'

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.
Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

| | |
|---|---|
| 5 | (FR) |
| 9 | |
| 19 | (FR) |
| 23 | (DE/ES/PT) |
| 28 | |
| 48 | |
| 53 | |
| 56 | |
| 57 | |
| 60 | |
| 61 | (DE/EN/FR) |
| 62 | |
| 64 | |

## COSTAS SÍNTIÚIS 2010 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 100 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 770 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 300 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Cuirfear an Iris Oifigiúil ar fáil ar fhormáid DVD in ionad dlúthdhiosca ROM i rith na bliana 2010.

## Díolacháin agus síntiúis

Tá an sintiús do thréimhseachán ar phraghsanna éagsúla, amhail an sintiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA